An Coimisiún Eorpach

# AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH
## 2021-2027
## I dTEANNTA A CHÉILE IS TREISE SINN.



Tá buiséad tiomnaithe **€1.009 billiún** ag clár nua an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh 2021-2027 lena gcuirfear deiseanna ar fáil do **270 000 duine óg** ar a laghad. Cuideoidh na daoine óga sin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus dhaonnúla trí bheith ag **obair go deonach** nó trí **thionscadail dlúthpháirtíochta** dá gcuid féin a chur ar bun. Ní hamháin go bhfuil sé d'aidhm leis an gclár a bheith **níos cuimsithí,** ach a bheith **níos glaise agus níos digití** freisin. Den chéad uair, tabharfaidh an clár deis do dhaoine óga obair dheonach a dhéanamh i **réimse na cabhrach daonnúla** ar fud an domhain.

### *I mBEAGÁN FOCAL*

Is clár maoiniúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh é an **Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach** le haghaidh daoine óga ar mian leo a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i réimsí éagsúla. Is iomaí cineál gníomhaíochta a dhéantar faoin gclár - cuidiú le daoine faoi mhíbhuntáiste, mar shampla, nó cabhair dhaonnúil a thabhairt, nó rannchuidiú le gníomhaíochtaí i réimsí na sláinte nó an chomhshaoil, ar fud an Aontais agus lasmuigh de.

Tugann an clár deis do dhaoine óga ní hamháin beart a dhéanamh ar son na sochaí, ach taithí luachmhar a fháil agus scileanna nua a fhorbairt. Is féidir le daoine idir 18 agus 30 bliain d'aois a bheith páirteach ann sna gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thugann aghaidh ar dhúshláin na sochaí, agus is féidir le daoine idir 18 agus 35 bliana d'aois a bheith páirteach ann sna gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla. Ina theannta sin, dírítear sa chlár ar eagraíochtaí atá gníomhach in earnáil na dlúthpháirtíochta agus ar mian leo daoine óga a bheith rannpháirteach ina gcuid gníomhaíochtaí.

Chun páirt a ghlacadh sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ní mór d'eagraíochtaí **lipéad cáilíochta** a fháil, lipéad lena ndeimhnítear go bhfuil siad in ann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar ardcháilíocht a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail, cuspóirí agus ceanglais an chláir.



NUA

# Tosaíochtaí cothrománacha an chláir: an chuimsitheacht, an glasú agus an digitiú



Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach **le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais** agus cuireann sé eagraíochtaí agus daoine óga araon ag obair ar thionscadail chun dul i ngleic leis na tosaíochtaí sin.

Cuireann an clár **an chuimsitheacht agus an éagsúlacht** chun cinn, agus tá sé d'aidhm leis rochtain chomhionann ar dheiseanna sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur ar fáil do gach duine óg.

Tá sé d'aidhm leis an gclár **cleachtais ghlasa** chur i bhfeidhm i ngach tionscadal agus gníomhaíocht, chomh maith le hiompar freagrach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn i measc rannpháirtithe agus eagraíochtaí.

Leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach rannchuidítear leis an **aistriú digiteach** trí thacú le tionscadail agus gníomhaíochtaí chun scileanna digiteacha a fheabhsú, litearthacht dhigiteach a chothú, agus tuiscint a fhorbairt ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach.

Ina theannta sin, cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach rannpháirtíocht na saoránach chun cinn mar aon le rannpháirtíocht daoine óga i **bpróisis an daonlathais**. Is é an obair dheonach croílár an chláir agus spreagann sé daoine óga agus tugann sé an chumhacht dóibh a bheith gníomhach sa tsochaí agus a bheith ina ngníomhaithe dáiríre don athrú.

Tá solúbthacht sa chlár chun tosaíochtaí bliantúla a chur leis agus dá bharr rannchuidítear aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gan choinne, mar shampla aghaidh a thabhairt ar thionchar phaindéim COVID-19 agus an obair téarnaimh, go háirithe i réimse an chúraim **sláinte** choiscthigh agus réimse na tacaíochta sláinte. A bhuí leis an gclár is féidir oibrithe deonacha a shlógadh chun tacú le tionscadail a thugann aghaidh ar dhúshláin sláinte éagsúla.



## Cé na gníomhaíochtaí dtacaíonn clár 2021-2027 leo?

### OBAIR DHEONACH

Tugann an obair dheonach an deis do dhaoine óga rannchuidiú le hobair laethúil eagraíochtaí arb iad gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar leas an phobail a bpríomhghníomhaíochtaí. Is féidir na gníomhaíochtaí a dhéanamh thar lear nó i dtír chónaithe an rannpháirtí. Is féidir an obair dheonach a dhéanamh ar feadh suas le 12 mhí, os a choinne sin féach nach maireann obair dheonach foirne ach idir 2 sheachtain agus 2 mhí de ghnáth.

**NUA**

#### Snáithe gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla

Den chéad uair riamh agus é ag cur le Clár Saorálaithe Cabhrach an Aontais, tá a raon feidhme á leathnú ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun gníomhaíochtaí oibre deonaí a chumhdach chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla.

Is féidir le daoine idir 18 agus 35 bliana d'aois a bheith páirteach sa snáithe sin ar oscailt chun cabhair éigeandála a chur ar fáil bunaithe ar bhunphrionsabail na neodrachta, na daonnachta, an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta, chun rannchuidiú le tacaíocht, faoiseamh agus cosaint a chur ar fáil sna háiteanna is mó a bhfuil gá leo. Cuideoidh sé aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhaonnúla i dtríú tíortha atá sábháilte, áit a mbíonn gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla an Aontais ar siúl.

Déanfar oibrithe deonacha i réimse na cabhrach daonnúla a chur faoi oiliúint agus a ullmhú lena áirithiú go mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá acu chun cuidiú go héifeachtach le daoine atá i ngátar. Beidh oibrithe deonacha agus eagraíochtaí in ann brath ar thacaíocht chomhlántach, tacaíocht ó chóitseálaithe agus ó shaineolaithe mar shampla.



### TIONSCADAIL DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA

Is ón mbun aníos a dhéantar tionscadail dlúthpháirtíochta agus is grúpa daoine óga a chuireann ar bun na tionscadail agus a dhéanann iad chun dul i ngleic le príomhdhúshláin laistigh roimh a bpobail.

Dá bhrí sin díreofar sa chlár nua ar thionscadail oibre deonaí agus dlúthpháirtíochta. Cuirfear deireadh leis an ngníomhaíocht cúrsaí oiliúna agus post a bhí i gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2018-2020.

**Daoine óga ar mian leo páirt a ghlacadh sa chlár,** ní mór dóibh clárú leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar Thairseach Eorpach na hÓige.
Ar an tairseach, is féidir le daoine óga deiseanna foilsithe a chuardach, agus eagraíochtaí a bhfuil lipéad cáilíochta acu, is féidir leo daoine a chuardach le bheith páirteach ina dtionscadail.






**NUA**

**I gcomhréir leis an gclaochlú digiteach**

I gcomhréir leis an gclaochlú digiteach agus an sprioc atá leis tacú le taithí foghlama daoine óga, cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach oiliúint ar líne ar fáil do gach duine óg atá cláraithe sa chlár. Is féidir teacht ar an rannán oiliúna nua ar líne ar Thairseach Eorpach na hÓige. Tá modúil in 28 dteanga ann ionas gur féidir le daoine óga a n-inspreagadh a fhiosrú, a gcuid scileanna agus eolais a fheabhsú agus ullmhú do rannpháirtíocht sa chlár.

## An bhfuil tuilleadh eolais uait?

**Féach** an **Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach** chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gclár.

Is iad an **Coimisiún Eorpach**, na **Gníomhaireachtaí Náisiúnta** agus an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr** a dhéanann an clár a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

**Bí dar leanúint ar na meáin shóisialta**

- **@EuropeanYouthEU**
- **@European Solidarity Corps Official**
- **@European_Youth_EU**
- **@EuropeanYouthEU**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021
© An tAontas Eorpach, 2021
Print ISBN 978-92-76-29116-9 doi: 10.2766/508854 NC-03-21-031-GA-C
PDF ISBN 978-92-76-29102-2 doi: 10.2766/89104 NC-03-21-031-GA-N

CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA NA hEORPA